Comhairle Chontae Dhún na nGall

DONEGAL COUNTY COUNCIL



PLEAN BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA DHÚN NA NGALL

2006 - 2010

ACHOIMRE FHEIDHMACH

RÉAMHRÁ

Is dúshlán suntasach don tsochaí inniu an cheist maidir lena chinntiú go ndéantar bainistiú éifeachtach agus inbhuanaithe ar dhramhaíl. Caithfidh gach duine féachaint ar dhramhaíl mar acmhainn agus as sin a chinntiú go ndéantar í a bhainistiú níos éifeachtaí, leis an mbaol is lú don chomhshaol.

Tá freagracht reachtúil ar na Comhairlí Contae pleanáil le haghaidh bainistiú dramhaíola agus tá ceangal orthu Plean Bhainistiú Dramhaíola a ullmhú a leagann amach socruithe do bhainistiú dramhaíola a eascraíonn as a gContae nó atá lonnaithe ina gContae.

Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) faoi Fhorléargas Náisiúnta ar na Pleananna Bhainistiú Dramhaíola a bhí ann roimhe seo in Aibreán 2004 agus dúirt gur chóir tús a chur leis an bpróiseas athbhreithnithe do na pleananna. I lár 2004, faoi cheanglais reachtúla, chuir Comhairle Chontae Dhún na nGall fógra sna nuachtáin áitiúla ag iarraidh aighneachtaí i scríbhinn i ndáil le hathbhreithniú ar Phlean Bhainistiú Dramhaíola Dhún na nGall, 2000.

PRÓIFÍL RÉIGIÚN DHÚN NA NGALL

Tá Contae Dhún na nGall suite ar chósta Thiar Thuaidh na hÉireann agus tá sé ar cheann de na contaetha is mó le hachar talún de 486,091 heicteár ann, ar ionann sin agus 6.9% d'achar iomlán talún an stáit. Tá cáil air mar gheall ar a chuid ailltreacha mórthaibhseacha, na radharcanna ar shléibhte garbha, gleannta móra, locha fada áille agus heicteáir de thalamh portaigh, chomh maith lena shráidbhailte iascaigh atá scaipthe ar feadh an chósta sceirdiúil agus na tránna breátha gainimh.

DUL CHUN CINN I BHFEIDHMIÚ AN PHLEAN

Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Dramhaíola a foilsíodh sa bhliain 2000 a bhaint amach. Áirítear leis sin, Boscaí Athchúrsála d'earraí Tirime Measctha a sholáthar, leathnú ar an líon láithreán Áiseanna Cathartha agus Banc Tabhartha sa Chontae, feabhas ar Shonraí Dramhaíola, foráil d'Oifigigh Rialála, Feasachta agus Athchúrsála Dramhaíola agus acmhainneacht líonadh talún a chur ar fáil.

Cosc agus Íoslaghdú Dramhaíola

Tá a bhfuil bainte amach i gcosc, íoslaghdú agus athchúrsáil dramhaíola feabhsaithe go mór ó cheap Comhairle Chontae Dhún na nGall Oifigeach Feasachta Comhshaoil, Oifigeach Achúrsála agus Oifigeach Rialála. Ó foilsíodh Plean Dramhaíola 2000, tá 6,000 bosca múirínithe scaipthe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chuig úinéirí tí chun críche múirínithe baile.

Tá bratach ghlas bronnta ag clár scoileanna glasa An Taisce ar 32 scoil i nDún na nGall go dtí seo agus tá 96 scoil ag obair go gníomhach chun an Bhratach Ghlas a bhaint amach. Meastar go mbronnfar bratach ghlas ar 10 scoil nua ar a laghad sa bhliain 2006. Tá an clár deartha chun gníomh sa scoil go léir ar mhaithe leis an gcomhshaol a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt don ghníomh sin. Cuirtear saincheisteanna comhshaoil a ndéantar staidéar orthu i gcuraclam na scoile i bhfeidhm i rith na scoile ar shlí rialaithe agus sainmhínithe.

Tá an Contae anois i riocht maith moltaí an Phlean athbhreithnithe a fheidhmiú don chéad fhís phleanála eile (2005-2010).

AN T-INFRASTRUCHTÚR DRAMHAÍOLA

Rinneadh moltaí i bPlean 2000 chun leathnú a dhéanamh ar an infrastruchtúr dramhaíola atá sa Chontae cheana féin. Tá dul chun cinn suntasach déanta (ag an údarás áitiúil agus ag an earnáil phríobháideach araon) i soláthar an infrastruchtúir dramhaíola sa Chontae, agus tá achoimre ar an dul chun cinn sin sa tábla thíos.

Infrastruchtúr	Infrastruchtúr Tugtha i gCrích faoi 2005
Pointí Athchúrsála:	57 ann, ag tabhairt clúdach do gach ionad suntasach daonra laistigh den Chontae
Láithreáin Áiseanna Cathartha	2 i mbun oibríochta. 1 le tógáil, 1 ag céim deartha agus péire eile a fuair maoiniú le déanaí.
Saoráid Aisghabhála Ábhar	Staidéar féidearthachta ullmhaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall. Saoráidí beaga á n-oibriú faoi láthair ag bailitheoirí dramhaíola príobháideacha.
Stáisiúin Aistrithe Dramhaíola	Tá roinnt stáisiún aistrithe a oibrítear ar scála beag ceadaithe sa chontae ag Comhairle Chontae Dhún na nGall i gcomhair dramhaíola príobháidí.
Dramhaíl Ghlas a mhúiríniú	6000 múiríneoir fóirdheontais scaipthe.

Cóireáil Bhitheolaíoch	Tá dhá shaoráid earnála príobháidí ceadaithe sa chontae.
Láithreáin Líonadh Talún	Tá aon líonadh talún amháin i mbun oibríochta sa Réigiún faoi láthair. Shainaithin an próiseas Roghnúcháin Láithreán láithreán eile ag Mín na bPoll – níl cead pleanála tugtha.
Bailiúchán ó Cholbha an Bhóthair	Cuireadh tús leis i 2005 mar chuid de na rialacháin cheadaithe dramhaíola.

Tá clár curtha ar bun ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun saoráidí athchúrsála a fhorbairt laistigh den Chontae. Tá láithreán Áiseanna Cathartha forbartha ag Srath an Urláir agus ag Carn Domhnach, agus táthar le tús a chur le tógáil do láithreáin ag an Lathaigh agus ag Leitir Ceanainn i rith 2006 agus do láithreáin eile ag Baile na nGallóglach agus ag an gClochán Liath i rith 2007. Molann an Plean Bhainistiú Dramhaíola láithreáin a oscailt ag Bun Cranncha agus ag suíomh in Iardheisceart Dhún na nGall. Tabharfaidh na Láithreáin Áiseanna Cathartha deis do raon leathan ábhar inathchúrsáilte a ghlacadh, lena n-áirítear gloine, cannaí alúmanaim, cannaí cruach, páipéar, teicstílí, cuisneoirí/reoiteoirí, earraí bána eile, ceallraí, plaistigh, feadáin fluaraiseacha etc.

Is cuspóir bunúsach den Phlean é raon infrastruchtúir lánpháirtithe bhainisitú dramhaíola a sholáthar. Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall an tábhacht atá le hinfheistiú príobháideach chun an aidhm seo a bhaint amach.

CRUTHÚ DRAMHAÍOLA

Tá na cainníochtaí dramhaíola i bplean 2000 bunaithe ar na sonraí is fearr a bhí ar fáil ó 1998. Tá feabhas tagtha ar na sásraí tuairiscithe do shonraí dramhaíola ó shin. Tugann an Plean aghaidh ar an ngá atá le tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh ar chruinneas na sonraí a chuireann na Bailitheoirí Dramhaíola ar fáil.

EASCAIRTÍ DRAMHAÍOLA DHÚN NA NGALL 2004

Dramhaíl Tí	46,416 tonna
Dramhaíl Tí Neamhbhailithe	19,967 tonna
Dramhaíl Tráchtála	30,084 tonna
Bruscar agus Scuabadh Sráide	1,013 tonna

Ionas go ndéanfaidh an Chomhairle an soláthar is gá le haghaidh infrastruchtúir agus seirbhísí, tugann an méid dramhaíola a chaithfear a bhailiú, a athchúrsáil, a dhiúscairt nó a chóireáil ar shlí eile mír chriticiúil do chuspóirí pleanála, ó thaobh na gcostas de agus freisin ó thaobh scála agus cineál na saoráidí agus na seirbhísí a chaithfidh siad a sholáthar. Má bhíonn an fás a ghlactar leis ró-ard, ansin is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin go mbeadh ró-acmhainneacht ann agus impleachtaí costais dá réir agus tionchar diúltach ar an dreasacht íoslaghdú a dhéanamh ar dhramhaíl. Má bhíonn an fás a ghlactar leis ró-íseal, ansin d'fhéadfadh sé nach mbeadh acmhainneacht a dóthain ann agus nach mbainfí amach na spriocanna, go mbeadh costas breise ann agus d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don chomhshaol.

Tuarann an graf thíos na héifeachtaí ar eascairtí dramhaíola i nDún na nGall de cheithre ráta fáis. Chun críocha an tonnáiste dramhaíola i nDún na nGall a theilgean do shaolré an Phlean, baineadh úsáid as fás dramhaíola de 1.5%.

Ráta Fáis Cathrach



BAILIÚ DRAMHAÍOLA

Sa bhliain 2004 chruthaigh Contae Dhún na nGall 77,513 tonna de dhramhaíl tí agus tráchtála/tionsclaíochta. Níl teacht ar sheirbhís bhailithe ag gach líon tí sa chontae, go háirithe sna ceantair tuaithe sa Chontae. Thabharfadh na sonraí dramhaíola le tuiscint go bhfuil an dramhaíl tí neamhbhailithe sa Chontae an-ard faoi láthair, go deimhin ag leibhéal nach féidir glacadh leis. Aithnítear go ndéanann go leor de na líonta tí sin diúscairt ar a ndramhaíl ag stáisiún aistrithe áitiúil/láithreáin Áiseanna Cathartha, go díreach chuig líonadh talún nó go roinneann siad seirbhísí le comharsana. Chun cruinneas na bhfigiúirí sin a fhíordheimhniú, tá sé beartaithe suirbhé bailiúcháin dramhaíola a dhéanamh i rith thréimhse an Plean. Bainfear úsáid as na torthaí sin chun spriocanna a shocrú a bheidh dírithe ar leibhéil dramhaíola neamhbhailithe sa Chontae a laghdú.

Éileoidh bailiúchán earraí Inathchúrsáilte Tirime Measctha agus bailiú dramhaíola orgánaí go ndéanfar leathnú tuilleadh ar sheirbhís bhailiúcháin an 2^{ú} bosca bruscair níos luaithe i mbliana agus tabhairt isteach bailiúchán an 3^{ú} bosca bruscair i gceantair uirbeacha.

AISGHABHÁIL AGUS ATHCHÚRSÁIL DRAMHAÍOLA

Tagraíonn dramhaíl chathrach do dhramhaíl ó líonta tí, chomh maith le dramhaíl tráchtála agus eile, atá cosúil le dramhaíl ó líonta tí mar gheall ar a cineál nó a comhdhéanamh. Ba thart ar 25% mar a tuairiscíodh i dTuarascáil an NWD de 2004 a bhí sa ráta foriomlán athchúrsála agus aisghabhála bunaithe ar shonraí dramhaíola 2004.

Tá leathnú déanta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall le 5 bliana anuas ar aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola sa Chontae i bhfoirm láithreáin áiseanna cathartha, bainc thabhartha, ceadú d'ábhair thirime inathchúrsáilte measctha a bhailú. Tá leathnú breise beartaithe do na blianta amach romhainn lena n-áirítear leathadh amach ar an mbailiúchán ar dhramhaíl orgánach ó cholbha an bhóthair agus 6 láithreán Áiseanna Cathartha breise a chur ag feidhmiú sa Chontae atá ag fáil cabhair deontais ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Áirítear leis sin láithreáin ag Leitir Ceanainn, ag an Lathaigh, ag an gClochán Liath agus ag Baile na nGallóglach dá bhfuil cabhair deontais leithdháilte chucu cheana agus tá láithreán nua beartaithe ag Bun Cranncha agus ag Iardheisceart Dhún na nGall. Beidh cur chun cinn agus méadú ar athchúrsáil agus aisghabháil sa sruth dramhaíola tí mar thoradh air sin.

Tá an ráta athchúrsála tí ríofa ag 16.0% agus tá sé beagán faoin meán náisiúnta de 19.0% mar atá tuairiscithe i dTuarascáil Náisiúnta Dramhaíola an EPA don bhliain 2004. Thabharfadh na figiúirí athchúrsála tosaigh do 2005 le tuiscint go bhfuil tuilleadh fáis tagtha ar an ráta athchúrsála tí.

Tá rátaí aisghabhála san earnáil tráchtála feabhsaithe ó phlean 2000, cuid mhaith mar gheall ar reachtaíocht nua agus forfheidhmiú níos mó ag an EPA agus ag Údaráis Áitiúla. Go háirithe, bhí tionchar suntasach ag na Rialacháin Phacáistithe 2003 ar na rátaí aisghabhála. Meastar go bhfuil an ráta aisghabhála don earnáil tráchtála ag 51%. Tá formhór an ábhair tráchtála aisghafa comhdhéanta de chairtchlár, de pháipéar agus de nuachtáin.



Caithfear forbairt a dhéanamh ar shaoráidí chun cóireáil a dhéanamh ar chodáin lárnacha dramhaíola ar nós dramhaíl inbhithdhíghrádaithe. Níl ach scéimeanna bailithe ar leithligh de dhramhaíl inbhithdhíghrádaithe tí sa Chontae faoi láthair. Éilíonn an sprioc uaillmhianach atá leagtha amach i dTreoir Líonadh Talún an CE go ndéanfaí an codán sin den sruth dramhaíola tí a aisghabháil. Tá sé seo aitheanta ag an Straitéis Náisiúnta do Dhramhaíl Inbhithdhíghrádaithe agus léiríonn an graf an bhearna a chaithfear a líonadh ar leibhéal náisiúnta agus caithfidh Dún na nGall a chion féin a dhéanamh chun freastal ar na spriocanna sin.

Tá sraith gníomhartha leagtha amach ag an bPlean don tréimhse 5 bliana lena n-áirítear láithreáin áiseanna cathartha a sholáthar, chomh maith le láithreáin tabhartha, córas múirínithe baile agus córas bailiúcháin ó cholbha an bhóthair. Is é is dóichí go mbainfear amach na torthaí ó thaobh céatadáin athchúrsála de agus tá mionsonraí de na costais atá ag gabháil leis tugtha sa Phlean. Chun spriocanna athstiúrtha líonadh talún 2010 a chomhlíonadh áfach, caithfear teacht a bheith ar theicneolaíochtaí malartacha bhainistiú dramhaíola m.sh. MBT, Aisghabháil Fuinnimh, i gContae Dhún na nGall. Mar gheall ar bharraineachtaí an mhórscála, ní dócha go mbeidh saoráidí den sórt sin suite i gContae Dhún na nGall agus is é is dóichí go mbeidh cuid den dramhaíl ón gContae á haistriú go dtí na réigiúin phleanála in aice láimhe chun rochtain a fháil ar na teicneolaíochtaí malartacha m.sh. Grúpa Bhainistiú Dramhaíola Réigiún an Iarthuaiscirt.

DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA

Tá an brath ar líonadh talún sa Chontae ard agus tá líonadh talún amháin i mbun oibríochta ag Baile na Carraige i ndeisceart an Chontae. Is €137.50 an tonna agus €92 an leantóir cairr/veain truiclín an muirear ag Baile na Carraige.

Deir plean 2000 go mb'fhearr 2-4 líonadh talún réigiúnach a fhorbairt seachas líonadh talún mór amháin. Rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall cleachtadh roghnúcháin láithreáin chun láithreáin oiriúnacha a shainaithint. Roghnaíodh dhá láthair, síneadh ar an tsaoráid atá cheana ag Baile na Carraige, a bhfuil tús curtha anois lena líonadh, agus láthair ag Mín na bPoll, atá suite go lárnach sa Chontae.

D'eisigh An Bord Pleanála cinneadh cead a dhiúltú don iarratas do Mhín na bPoll in Eanáir 2006. Tá forbairt ar líonadh talún nua faoi mar atá beartaithe ag Mín na bPoll ina mhír bhunúsach den phlean. Tá togra den sórt sin á bhreithniú tuilleadh agus á mheas le haird, inter alia, ar chuspóir polasaí atá ar shlí eile i bplean forbartha an chontae agus i gcomhthéacs forbartha cuí agus inbhuanaithe mar gheall ar thábhacht láithreáin den sórt sin do bhainistiú dramhaíola sa Chontae. Dheonaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceadúnas dramhaíola do láthair Mhín na bPoll. Tá an rogha maidir le tuilleadh forbartha líonadh talún i mBaile na Carraige á bhreithniú agus á mheas freisin.

Mar gheall ar laghdú ar thonnáistí chuig líonadh talún agus an leathnú ar athchúrsáil agus an gá atá le spriocanna athstiúrtha líonadh talún a chomhlíonadh, meastar anois nach bhfuil na heacnamaíochtaí a bhaineann le níos mó ná líonadh talún amháin a fhorbairt sa Chontae praiticiúil. Dá bhrí sin, tá sé molta anois go bhforbródh Comhairle Chontae Dhún na nGall aon líonadh talún amháin don Chontae le hionchar bliantúil tuartha de 25,000 tonna. Caithfear tús a chur leis an obair

thógála ar an acmhainn bhreise seo a fhorbairt i rith 2010 lena chinntiú go bhfanann an acmhainn líonadh talún sa Chontae tar éis an acmhainneacht atá ag Baile na Carraige a bheith líonta.

POLASAÍ DRAMHAÍOLA

Ag teacht leis an bPolasaí Náisiúnta beidh straitéis bhunúsach Phlean Athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola Dhún na nGall neadaithe i gcoincheap an bhainistithe dramhaíola lánpháirtithe. Déanfar tosaíocht a shannadh de réir ordlathas dramhaíola an AE agus Náisiúnta agus beidh béim mhór ar chosc agus íoslaghdú dramhaíola.

Tá na sainchuspóirí seo a leanas ag an bpolasaí atá leagtha amach sa Phlean seo:

- Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla feachtais chun cinn chun freastal ar dhúshlán fadtéarmach chosc agus íoslaghdú dramhaíola ag leibhéal an tí agus ag leibhéal gnó,
- Cuirfear cur chuige bainistithe lánpháirtithe i bhfeidhm ar dhramhaíl a chruthaítear agus tabharfar tosaíocht d'íoslaghdú, d'athúsáid agus d'athchúrsáil,
- Spreagfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus ar sheirbhísí bhainistiú dramhaíola inbhuanaithe don Chontae fad a bhítear ag tabhairt spriocanna Eorpacha agus Náisiúnta i gcrích,
- Déanfar cóireáil dramhaíola nó diúscairt dramhaíola ag líonadh talún sa Chontae de réir na gcaighdeán comhshaoil is airde agus gan aon truailliú comhshaoil a chruthú, agus
- Oibreoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach chun an t-infrastruchtúr dramhaíola atá de dhíth ar an gContae a thabhairt i gcrích.
- Is polasaí de chuid na Comhairle a bheidh ann go gcuirfidh costas an athchúrsála ag láithreáin áiseanna cathartha inacmhainneacht na muirear san áireamh agus gur chóir go léireofaí é sin ina sheal féin i muirir sheirbhíse na hearnála príobháidí.

RÓLANNA AGUS FREAGRACHTAÍ

Cé go bhfuil Comhairle Chontae Dhún na nGall freagrach as a bheith i gceannas ar fheidhmiú, braithfidh rathúlacht an Phlean ar ghníomhartha na sochaí ina hiomláine.

Tá dualgas ar an **bPobal i gCoitinne**, mar tháirgeoir dramhaíola leanúint de dhramhaíl a chosc nuair is féidir agus ar an dara dul síos dramhaíl a láimhsiú go freagrach trína chinntiú nach ndéanfaidh an dramhaíl sin dochar don chomhshaol. Caithfidh siad a bheith rannpháirteach i ndeighilt ag an bhfoinse agus sna seirbhísí athchúrsála a chuirtear ar fáil agus caithfidh siad dramhaíl ghuaiseach a dheighilt lena diúscairt go sábháilte.

Caithfidh na hearnálacha **Gnó agus Tionsclaíochta** sárchleachtas a chur i bhfeidhm i ndáil le cosc dramhaíola, íoslaghdú dramhaíola, athchúrsáil agus diúscairt dramhaíola mar aon le polasaithe níos glaise intí a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh siad go mbeidh na doiciméid chuí leis an dramhaíl go léir a fhágfaidh a n-áitreabh agus gur oibritheoirí dlíthiúla a láimhseálfaidh í.

Tá **Repak**, mar ionadaí de chuid an Tionscail Pacáistithe, freagrach as feabhas a chur ar laghdú dramhaíola pacáistithe, mar aon lena chumas athúsáide agus athchúrsála, chomh maith le maoiniú a chur ar fáil d'athchúrsáil agus aisghabháil dramhaíola pacáistithe.

Leanfaidh an **Earnáil Dramhaíola Príobháideach** de sheirbhísí bailithe agus athchúrsála a leathnú, ag cur teicneolaíochtaí nuálacha ar fáil agus ag cabhrú le feasacht ar bhainistiú dramhaíola a chur chun cinn. Tá gá le feabhsúcháin i dtuairisciú sonraí agus i gcomhlíonadh.

Spreagtar **NGOnna, Grúpaí Deonacha & Grúpaí Pobail** le tabhairt faoi thionscadail dramhaíola ag leibhéal áitiúil.Glacfar níos mó freagrachta as bainistiú dramhaíola trí scéimeanna pobail le tacaíocht ó údaráis áitiúla.

FREAGRACHT AN TÁIRGEORA

Is cuspóir de chuid an Phlean é go mbeidh ról níos mó ag táirgeoirí agus ag soláthróirí i gcosc, íoslaghdú agus athchúrsáil dramhaíola, agus gur chóir go roinnfeadh siad an t-ualach níos cothromaí le húsáideoir deiridh an táirge:

- Déanfar costas iomlán bhailiú, shórtáil agus athchúrsáil dramhaíola pacáistithe a aisghabháil ón tionscal trí Repak.
- Cuirfear tionscnaimh náisiúnta do dhramhthrealamh leictreach & leictreonach, dramhcharranna agus boinn i bhfeidhm a chumasóidh i ndeireadh thiar saorsheachadadh an chríochtáirge d'aisghabháil.
- Beidh ar tháirgeoirí ábhar ar nós nuachtáin, dramhphost agus eolairí teileafóin cur le costas bhailiú, shórtáil agus athchúrsáil an ábhair.
- Lorgófar freagracht níos mó táirgeora d'ábhair ar nós ceallraí, péinteanna, cógais leighis agus dramhaíl ghuaiseach eile tí.

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

D'aithin an t-athbhreithniú airgeadais na costais bhainisitithe dramhaíola sa Chontae, na costais oibríochtúla a ghabhann le sruthanna difriúla dramhaíola do na húdaráis áitiúla agus na costais do bhainistiú dramhaíola amach anseo. Breithníodh na hathruithe i dtoirt na sruthanna dramhaíola sainiúla agus an tslí a bhféadfadh siad sin tionchar a bheith acu ar ioncam agus ar chaiteachas sa Chontae. Ag baint úsáide as sonraí airgeadais 2006 a fuarthas ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall, ba é aidhm an athbhreithnithe airgeadais ná ioncaim agus caiteachais don todhchaí a thuar maidir le sreabhadh dramhaíola agus maidir le hinfrastruchtúr dramhaíola nua a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ar an iomlán, meastar gur thart ar €710,000 a bheidh san easnamh do 2006, ar ionann sin agus ardú d'os cionn €2.5 Milliún faoi 2010. Meatar gur thart ar €9.2 Milliún í an bhearna maoinithe do Chomhairle Chontae Dhún na nGall in imeacht shaolré an Phlean. Beidh acmhainneacht nua líonadh talún de dhíth sa chontae faoi 2011 bunaithe ar na nithe a glacadh leo in ullmhú an phlean dramhaíola.

FEIDHMIÚ AN PHLEAN

Luann an Plean na polasaithe, cuspóirí agus spriocanna don tréimhse 2005-2010. Chun feidhmíocht an Phlean a thomhas agus a mheasúnú, déanfar tuarascáil bhliantúil, a thomhasfar i gcomparáid le sraith de "PhríomhTháscairí Feidhmíochta". Forálfaidh na tuarascálacha bliantúla do thrédhearcacht níos mó agus léireoidh an méid dul chun cinn iarbhír a bheidh á dhéanamh sa Chontae agus tabharfaidh sé deis an Contae a chur i gcomparáid le réigiúin bhainistiú dramhaíola eile in Éirinn.

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT GEALLSEALBHÓIRÍ

Bhí ról mór ag comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht i gcumadh an Phlean seo. Chun an t-aiseolas is mó a fháil a léireodh gach earnáil den Chontae, lorgaíodh comhairliúchán ag baint úsáide as roinnt modhanna:

- Bileoga Eolais & fógraí i nuachtáin ag iarraidh aighneachtaí scríofa ón bpobal
- Laethanta Comhairliúcháin don Phobal
- Lá Comhairliúcháin don Tionscal Dramhaíola
- Iarratais ar aighneachtaí ó gheallsealbhóirí leasmhara
- Ceardlanna do chomhaltaí tofa den chomhairle

Ba iad na saincheisteanna a bhí i gcoiteann ag na dreamanna go léir

- Íoslaghdú Dramhaíola & Pacáistiú
- Athchúrsáil
- Múiríniú
- Líonadh talún & Loscadh
- Dumpáil Mhídhleathach & Bruscar
- Oideachas
- Bailiú Dramhaíola & Muirir

LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN ÚSÁIDEACHA

Comhairle Chontae Dhún na nGall	www.donegalcoco.ie
An Rás in Aghaidh na Dramhaíola	www.raceagainstwaste.ie
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	www.epa.ie
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	www.environ.ie
Eolas ar an gComhshaol	www.enfo.ie

Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghlacadh leat as do spéis san athbhreithniú ar Phlean Bhainistiú Dramhaíola Dhún na nGall, agus an fhreagairt a thug tú air.